Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2198

19.10.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2198 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 16 Deireadh Fómhair 2023**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí e uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 maidir le cionroinnt na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht Arabacha na hÉigipte i gcrích go rathúil agus an 22 Bealtaine cuireadh inisealacha le Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú').

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte a shíniú de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([1]).

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. RIBERA RODRÍGUEZ